Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Feabhra 2018
(OR. en)

6396/18

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2017/0351 (COD)**
**2017/0352 (COD)**

**COSI 41**
**FRONT 42**
**ASIM 12**
**DAPIX 49**
**ENFOPOL 88**
**ENFOCUSTOM 34**
**SIRIS 8**
**SCHENGEN 2**
**DATAPROTECT 18**
**VISA 31**
**FAUXDOC 9**
**COPEN 51**
**JAI 169**
**CT 28**
**COMIX 85**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15119/17 + COR 1, 15729/17 + COR 1 |
| Ábhar: | Idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh:<br>a) Rialachán idir-inoibritheacha (teorainneacha agus víosaí)<br>b) Rialachán idir-inoibritheacha (comhar póilíneachta agus breithiúnach, tearmainn agus imirce)<br>= Díospóireacht bheartais |

<u>Cúlra</u>

Is tosaíocht ar an leibhéal is airde polaitiúil i idir-inoibritheacht chórais faisnéise an Aontais i réimse an cheartais agus gnóthaí baile, de réir mar a luaigh an Chomhairle Eorpach sna conclúidí uaithi ar an 18 Nollaig 2015: 'Léirigh na hionsaithe sceimhlitheoireachta is déanaí an phráinn a bhaineann le comhroinnt na faisnéise ábhartha a fheabhsú, go háirithe (...) maidir le hidir-inoibritheacht na mbunachar sonraí ábhartha maidir le seiceálacha slándála a áirithiú'[1].

[1] EUCO 28/15

Ar an 6 Aibreán d'fhoilsigh an Coimisiún Teachtaireacht maidir le Córais Faisnéise níos Láidre agus níos Cliste do Theorainneacha agus don tSlándáil[2]. Ar bhonn na teachtaireachta sin, bunaíodh an sainghrúpa ardleibhéil um chórais faisnéise agus idir-inoibritheacht agus d'ullmhaigh sé tuarascáil[3] ina léiríodh fís straitéiseach fhoriomlán maidir le hidir-inoibritheacht agus idirnascadh córas faisnéise agus maidir le bainistiú sonraí níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla do theorainneacha agus don tslándáil san Aontas.

I bhfianaise na moltaí ón sainghrúpa ardleibhéil, ag an gcruinniú a bhí aici ar an 8 Meitheamh 2017, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir leis an mbealach ar aghaidh chun malartú faisnéise a fheabhsú agus idir-inoibritheacht chórais faisnéise an Aontais a áirithiú[4]. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle an tuarascáil dheireanach ón ngrúpa agus léirigh sí a fís maidir leis na moltaí sa tuarascáil a thabhairt ar aghaidh.

D'iarr an Chomhairle go háirithe ar an gCoimisiún obair a dhéanamh chun **comhpháirteanna idir-inoibritheachta** a fhorbairt, agus comhlíonadh iomlán cheanglais na Cairte um Chearta Bunúsacha á áirithiú ag an am céanna agus go háirithe an creat cuimsitheach maidir le sonraí pearsanta a chosaint san Aontas:

- tairseach cuardaigh Eorpach a chruthú lena mbeifear in ann córais ábhartha uile an Aontais maidir le teorainneacha, slándáil agus tearmann a chuardach i gcomhthráth;
- seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha do gach cineál sonraí bithmhéadracha;
- stóras coiteann sonraí céannachta.

Iarradh ar an gCoimisiún tograí reachtacha a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir le toradh na staidéar indéantachta, lena n-áirítear measúnú tionchair, d'fhonn na réitigh idir-inoibritheachta sin a chur chun feidhme iarbhír faoi 2020.

D'fhonn go mbeidh na réitigh idir-inoibritheachta in ann feidhmiú i gceart, d'iarr an Chomhairle freisin ar na geallsealbhóirí ábhartha feabhas a chur ar **cháilíocht sonraí** i gcórais faisnéise an Aontais agus machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun rialachas maidir le **Formáid Uilíoch Teachtaireachta (UMF)** ar leibhéal an Aontais a bhunú.

[2] 7644/16
[3] 8434/1/17 REV 1
[4] 10151/17

Ina theannta sin, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún féachaint ar na roghanna chun tuilleadh simplithe, comhsheasmhachta, éifeachtachta agus airde ar riachtanais oibríochtúla a bhaint amach maidir le **rochtain d'údaráis forfheidhmithe dlí ar chórais faisnéise an Aontais** i réimse an cheartais agus gnóthaí baile.

Leag an Chomhairle béim ar roinnt **moltaí níos fadtéarmaí** eile ón ngrúpa ardleibhéil um chórais faisnéise agus idir-inoibritheacht sna conclúidí uaithi ar an 8 Meitheamh 2017, go háirithe maidir le hindéantacht na bhforbairtí a leanas a mheabhrú agus na torthaí faoi seach a chur faoi bhráid na Comhairle i gcaitheamh na bliana 2018:

– taifead córasach a choinneáil ar thrasnuithe teorann shaoránaigh uile an Aontais,

– clárú spriocdhírithe a dhéanamh ar amais SIS a bhaintear amach agus ar fhaisnéis fhorlíontach sna foirmeacha SIS a bheith ar fáil ar bhealach níos fusa;

– stór lárnach de chuid an Aontais a bhunú ina mbeidh faisnéis ar víosaí fadfhanachta, ar chártaí cónaithe agus ar cheadanna cónaithe,

– idir-inoibritheacht na gcóras slándála agus na gcóras bainistithe teorainneacha leis na córais chustaim;

– sásra láraithe le haghaidh réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí (API), lena n-áirítear an gá atá le ródaire láraithe, chomh maith leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as maidir le taifead ainmneacha paisinéirí (PNR).

Mheabhraigh an Chomhairle gur iarr sí ar an gCoimisiún togra a chur i láthair le hinbhuanaitheacht **e-CODEX** a áirithiú, agus na gníomhaíochtaí is gá a dhéanamh, lena n-áirítear togra reachtach lena mbunaítear córas Doiciméad Bréagach agus Doiciméad Barántúil Ar Líne **(FADO)** ar bhonn níos téagartha.

D'iarr an Chomhairle Eorpach freisin sna conclúidí uaithi ar an 22 agus an 23 Meitheamh 2017[5] ar an gCoimisiún dréachtreachtaíocht a réiteach an túisce is féidir leis na tograí a rinne an sainghrúpa ardleibhéil um idir-inoibritheacht a achtú.

[5] EUCO 8/17

An staid mar atá

Ar an 12 Nollaig 2017, ghlac an Coimisiún dhá thogra reachtacha maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise de chuid an Aontais: ceann amháin ina ndírítear ar chórais mhórscála faisnéise a bhaineann le teorainneacha agus víosaí[6], an dara ceann amháin a dhíríonn ar chórais faisnéise a bhaineann le comhar póilíneachta agus le comhar breithiúnach, tearmainn agus imirce[7].

Thug an Coimisiún cur i láthair maidir leis na tograí sin ag an Meitheal um Malartú Faisnéise agus um Chosaint Sonraí (DAPIX) ar an 15 Nollaig 2017, ar díol sásaimh go ginearálta iad do na toscaireachtaí. Tá an dá thogra á scrúdú ag an Meitheal ar bhonn airteagal i ndiaidh airteagail ag na cruinnithe a bhí aici ar an 8-9 Eanáir, an 22-23 Eanáir agus an 15-16 Feabhra 2018.

Le linn an scrúdaithe sin ardaíodh roinnt ceisteanna teicniúla agus oibríochtúla, lena n-áirítear cinn a bhain le feidhmiú gach comhpháirt idir-inoibritheachta, an sreabhadh oibre sonraí ionchasach agus ailtireacht fhoriomlán idir-inoibritheachta chomh maith lena seoladh, impleachtaí na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta don chóras reatha teicniúil ar an leibhéal náisiúnta agus d'amanna freagartha ag teorainneacha, agus ceisteanna a bhain le feidhmiú praiticiúil phróifílí na n-úsáideoirí agus na gceart rochtana. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí gur eagraigh an Coimisiún ceardlanna teicniúla ar an 14 Feabhra 2018 agus ceardlann eile atá beartaithe don 16 Márta 2018 chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo go sonrach.

Le linn an phlé réamhluaite ba léir freisin go mbeidh gá le hacmhainní leordhóthanacha airgeadais chun réitigh idir-inoibritheachta a chur chun feidhme, chomh maith le hacmhainní teicniúla agus daonna (mar shampla trealamh soghluaiste) agus pleanáil agus ullmhúchán cúramach ar leibhéal an Aontais agus laistigh de na Ballstáit. Go háirithe, ardaíodh impleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do ghardaí teorann agus biúrónna SIRENE mar gheall ar shonraí céannachta a fhíorú de láimh. Socraíodh freisin go mbeidh ar institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais chomh maith le Ballstáit oibriú go dlúth le chéile d'fhonn a áirithiú go bhféadfar comhpháirteanna idir-inoibritheachta a chur chun feidhme ar bhealach tráthúil d'fhonn leas a bhaint astu a luaithe is féidir.

[6] 15119/17
[7] 15729/17

***I bhfianaise an mhéid sin thuas, agus d'fhonn treoir pholaitiúil a thabhairt don scrúdú leantach ar thograí reachtacha i ndáil le creat don idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais a bhunú, iarrtar ar na hairí machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna a leanas:***

1) An aontaíonn tú go dtugann na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a bheartaítear - go háirithe an tairseach cuardaigh Eorpach, an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha, an stóras coiteann sonraí céannachta, an brathadóir ilchéannachtaí - aghaidh, ar bhealach leordhóthanach, ar na hiarrataí ó Chomhairle na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais a fhorbairt? An éascófar obair na n-úsáideoirí deiridh le húsáid (éigeantach) na gcomhpháirteanna seo, mar aon le bearta beartaithe eile[8], agus an gcabhrófar le bainistiú teorainneacha seachtracha agus slándáil inmheánach san Aontas a fheabhsú?

2) Ós rud é go mbeidh gá le gníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta mar thoradh ar fhorbairt na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta lárnacha chun a áirithiú go mbeidh gach Ballstát in ann úsáid iomlán a bhaint as na feidhmiúlachtaí nua amach anseo, an mbeifeá sásta le comhordú áirithe ar leibhéal an Aontais chun an cur chun feidhme a ullmhú ar an leibhéal náisiúnta?

3) An bhfuil tú den tuairim gur cheart gnéithe breise a mheas sna tograí reachtacha reatha maidir le hidir-inoibritheacht, amhail sonraí bithmhéadracha ó bhunachair sonraí náisiúnta, Europol agus Interpol a stóráil sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha?

4) An aontaíonn tú gur cheart don Choimisiún, mar aon leis na Ballstáit, scrúdú a dhéanamh ar indéantacht moltaí fadtéarmacha eile ón sainghrúpa ardleibhéil um chórais faisnéise agus idir-inoibritheacht d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na bearnaí faisnéise atá fós ann agus chun feabhas a chur ar na córais faisnéise atá ann faoi láthair sa chaoi is go gcuirfidh siad le comhlánú an struchtúir idir-inoibritheachta i réimse an cheartais agus gnóthaí baile?

---

8 Amhail cáilíocht sonraí a fheabhsú, lárstóras um thuairisciú agus staidrimh a bhunú chomh maith le rochtain údarás forfheidhmithe dlí ar chórais nach ndéantar an dlí a fhorfheidhmiú leo a chuíchóiriú.